C/2026/6036

16.11.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12531 — MUBADALA CAPITAL / PIERRE ET VACANCES)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/6036)

1. An 6 Samhain 2026 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Mubadala Capital LLC ('Mubadala Capital', Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha), faoi rialú Mubadala Investment Company PSJC ('MIC', Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha), atá faoi lánúinéireacht Rialtas Abú Daibí (Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha),

— Pierre et Vacances SA (an Fhrainc), faoi úinéireacht Pierre & Vacances Center Parcs Group ('Pierre et Vacances', an Fhrainc).

Gheobhaidh Mubadala Capital rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Pierre et Vacances ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin tairiscint phoiblí a fógraíodh an 22 Meitheamh 2026.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is ardán domhanda bainistíochta sócmhainní malartacha é Mubadala Capital a bhainistíonn, a thugann comhairle agus a riarann os cionn USD 600 billiún i sócmhainní trína bhainisteoirí sócmhainní agus trína chomhpháirtíochtaí straitéiseacha. Infheistíonn MIC ar fud an domhain i raon leathan aicmí sócmhainní, lena n-áirítear cothromas príobháideach, cothromais phoiblí, creidmheas, réadmhaoin, bonneagar agus infheistíochtaí malartacha,

— Is oibreoir turasóireachta Eorpach é Pierre et Vacances a dhéanann speisialtóireacht in dtithe saoire, sráidbhailte saoire agus árasáin chathrach agus atá gníomhach sa Fhrainc, san Ísiltír, sa Ghearmáin, sa Bheilg agus i dtíortha Eorpacha eile. Oibríonn sé faoi cheithre phríomhbhranda: Pierre & Vacances, Center Parcs, maeva.com, agus Adagio.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12531 — MUBADALA CAPITAL / PIERRE ET VACANCES

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË